

Scéim TG4 de bhun Alt 111(4) den Acht Craolacháin 2009 maidir le húsáid agus saothrú taifeadtaí teilifíse ag tríú páirtithe a cheadúnú, is é sin, taifeadtaí teilifíse a bhfuil cóipcheart agus cearta gaolmhara ag TG4 ina leith

15 Meitheamh 2017

Réamhrá

Baineann an Scéim seo leis na socruithe atá ann i ndáil le húsáid agus saothrú taifeadtaí teilifíse ag tríú páirtithe a bheith á cheadúnú/cheadúnú ag TG4, is é sin, taifeadtaí teilifíse a bhfuil cóipcheart agus cearta gaolmhara ag TG4 ina leith.

Ciallaíonn tagairtí sa doiciméad seo do 'ábhar cartlainne' taifeadtaí teilifíse a bhfuil cóipcheart agus cearta gaolmhara ag TG4 ina leith agus a ndearna seirbhís teilifíse TG4 iad a chraoladh.

Tá aon ábhar cartlainne atá faoi úinéireacht iomlán ag TG4 clúdaithe leis an Scéim seo. De bhreis air sin, i gcás inar le TG4 an cóipcheart i gclár, ach ní sna chomhchodanna go léir den chlár (e.g. ábhar cartlainne tríú páirtithe), déileálfadh TG4 leis an iarraidh ar úsáid faoi théarmaí na Scéime seo. Ar an dóigh chéanna, i gcás nach le TG4 an cóipcheart i gclár, ach go bhfuil an ceart aige an clár a dhíol nó a chur ar fáil de bhun na Scéime seo, déileálfadh TG4 leis an iarraidh ar úsáid faoi théarmaí na Scéime seo. Beidh sé sin faoi réir an *caveat* go ndéanfaidh TG4, a mhéid is gá toiliú/comhaontú ó úinéirí ceart tríú páirtí agus ó TG4 chomh maith a fháil maidir leis an úsáid/saothrú atá beartaithe, a cheangal go mbeidh daingniú i scríbhinn ann go bhfuarthas an toiliú/comhaontú sin nó, i gcás nach féidir toiliú i scríbhinn a fháil, mar shampla i gcás "saothar dílleachta", déanfaidh TG4 measúnacht i dtaobh an féidir leis an t-ábhar a cheadúnú ar bhonn na comhairle a gheofar óna roinn dlí.

An Beartas Ginearálta maidir le hOibriú na Scéime

Le linn na Scéime Cartlainne seo a oibriú, aithneoidh TG4 an gá le trédhearcacht i ndáil lena phróiseas déanta cinntí.

Is faoi na ceanteidil seo a leanas a thugtar aghaidh ar bheartas ginearálta TG4 maidir le hiarrataí ar ábhar cartlainne a dhéantar de bhun na Scéime seo:

- a) Rochtain ar chartlann TG4 ("Cartlann TG4") agus an próiseas ar dá réir a dhéanann Cartlann TG4 measúnacht ar iarrataí ar ábhar cláir.
- b) Na prionsabail ar dá réir a shocraítear muirir Chartlann TG4 i ndáil le húsáid agus saothrú taifeadtaí teilifíse ag tríú páirtithe a cheadúnú.

Déanfaidh TG4 gach iarracht réasúnach chun iarrataí ar ábhar cartlainne a éascú ar mhodh tráthúil éifeachtúil.

Rochtain ar Chartlann TG4 agus an Próiseas ar dá réir a dhéanann Cartlann TG4 Measúnacht ar Iarrataí ar Ábhar Cartlainne

1. Faigheann TG4 iarraidh ó iarrthóir trí fhoirm iarratais ar láithreán gréasáin TG4 nó le teileafón/teachtaireacht ríomhphoist.
2. Sanntar an iarraidh do dhuine d'fhoireann Chartlann TG4 agus lorgaíonn an duine sin tuilleadh faisnéise faoin úsáid atá beartaithe agus faoin gceadúnas atá iarrtha agus déanann sé/sí breithniú i dtaobh an gcomhlíonann an iarraidh na treoirlínte maidir le húsáid ghairmiúil.
3. Cuireann Cartlann TG4 leibhéal na dtáillí atá ann in iúl don iarrthóir. Beidh gá le híocaíocht roimh ré.
4. Déantar taighde chun ábhar a roghnú/shainnithint agus faoi na cearta atá ag TG4 ar an ábhar.
5. Déantar measúnacht ar stádas teicniúil (caomhantais) an ábhair ó thaobh inúsáidteachta/an bhfuil sé oiriúnach lena chóipeáil/úsáid.
6. Déantar amscála táscach maidir le cinneadh ar an iarraidh a thabhairt don iarrthóir.
7. Déanfaidh TG4 seiceáil ina leith sin i réamhliosta clár/tionscadal i gcás ina bhfuil stop curtha ar an ábhar lena mbaineann.
8. I gcásanna eisceachtúla, forchoimeádan TG4 an ceart chun ábhar a choimeád siar.
9. Más rud é nach bhfuil aon stop ná saincheisteanna dlí ann, leanfaidh TG4 ar aghaidh chun socruithe a dhéanamh maidir leis an gceadúnas agus soláthróidh sé an t-ábhar.

10. Má tá stop ann, déanfar an bonn leis an stop a chur in iúl don iarrthóir agus tabharfar faisnéis uasdátaithe dó/di go rialta faoin bhfad a mhairfidh an stop.

Na prionsabail ar dá réir a shocraítear Muirir Chartlann TG4 i ndáil le hÚsáid agus Saothrú Taifeadtaí Teilifíse ag Tríú Páirtithe a Cheadúnú

Déantar táillí Chartlann TG4 a shocrú de réir treoirphrionsabail agus cúinsí ina bhféadfar an struchtúr praghsála a athrú nó a athbhreithniú.

- a) Treoirphrionsabail agus
- b) Cúinsí ina bhféadfar an struchtúr praghsála a athrú nó a athbhreithniú.

Muirir theicniúla: Áiríonn na muirir seo taighde, féachaint agus aistriú. Tá an Ráta-Chárta bunaithe ar na meánchostais a bhaineann le soláthar an ábhair don chliant ag an bpointe díola. Tá an t-athbhreithniú ar chostais bunaithe ar an bprionsabal sin freisin. I gcás ina dtabhaíonn TG4 costais bhreise shubstaintiúla i ndáil leis an ábhar cartlainne a chur ar fáil, cuirfí an costas sin san áireamh sa táille don cheadúnas.

a) Treoirphrionsabail maidir le táillí ceadúnúcháin d'ábhar cartlainne.

Is de réir rátaí an mhargaidh a shocraítear rátaí an tionscail i leith táillí ceadúnúcháin d'ábhar cartlainne agus tá siad bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- (a) Méid ionchasach an lucht féachana
- (b) Méid agus cineál an ábhair cartlainne a úsáidtear. Oibríonn an gnó ar bhonn 'nóiméad amháin ar a laghad' mar ráta aonaid. D'fhéadfadh sé go dtairgfear lascaí toirte sa tionscal agus d'fhéadfadh sé go mbeadh préimh ag gabháil le roinnt ábhar cartlainne closamhairc.
- (c) Tá an táille cheadúnais a mhuirearaítear nasctha leis an ngníomhaíocht tráchtála lena mbaineann tionscadal ar leith e.g. tionscadal comhroinnte ioncaim amhail DVD/taispeántas a íoctar táille ina leith.

b) Cúinsí ina bhféadfar an Struchtúr Praghsála a Athrú nó a Athbhreithniú

Déanfaidh TG4 muirir (lena n-áirítear costais taighde, costais chuardaigh ceart dlí, costais chóipeála agus táillí ceadúnais) a thobhach de réir ráta-chártaí foilsithe (féach www.TG4.ie) agus tá siad faoi réir a n-athraithe ag TG4 ó am go ham.

I ngach cás ar leith beidh an muirear deiridh ag brath ar an gcineál iarrata, ar an obair atá i gceist le déileáil leis an iarraidh, ar na cearta/ar an imréiteach a iarrtar, ar stádas caomhantais an ábhair cartlainne a iarrtar, agus ar fhad an ábhair cartlainne atá le húsáid.

Amscálaí

Cé go ndéantar gach iarracht chun déileáil le hiarrataí laistigh den tréimhse ama is giorra agus is féidir, bíonn an t-am a thógann sé chun freastal ar iarrataí ag brath ar nithe éagsúla amhail cineál agus toirt an ábhair, castachtaí dlí, srianta ó thaobh acmhainní de, agus tosaíochtaí eile craolacháin agus gnó. Tabharfaidh TG4 léiriú ar amscálaí sonracha maidir le gach iarraidh a fhaightear i leith ábhar cartlainne, á chur san áireamh, mar gheall ar chineál an fhiosrúcháin, go mbeidh difríochtaí ann maidir leis an am a thógfadh sé chun déileáil le hiarrataí éagsúla.

Chun léiriú ginearálta ar amscálaí a fháil, féach Aguisín 1.

Nós imeachta maidir le Díospóid

I gcás ina bhfuil ábhar díospóide ag iarrthóir i leith oibriú na Scéime, déanfaidh Cartlann TG4 teagmháil leis an iarrthóir féachaint leis an díospóid a réiteach. Mura bhfuil an t-iarrthóir sásta leis sin,

féadfaidh sé/sí an gearán a chlárú le TG4 lena bhreithniú laistigh de 28 lá. Níl Ráta-Chárta TG4 faoi réir a athbhreithnithe faoin nós imeachta maidir le díospóid.

Feidhmeoidh saineolaí neamhspleách cuí-cháilithe ar ábhar closamhairc TG4, agus taithí aige/aici ar dhéileáil le gearáin idir daoine den phobal agus comhlachtaí poiblí, mar bhreithneoir críochnaitheach i gcás ina mbíonn díospóid gan réiteach fós. Roghnóidh an gearánach an saineolaí sin as painéal saineolaithe den sórt sin a chuirfidh TG4 ar fáil agus cuirfidh an saineolaí sin an bhreith chríochnaitheach in iúl do TG4 agus don ghearánach araon.

Chun amhras a sheachaint, i gcás ina ndéanfaidh aon duine aon úsáid neamhúdaraíthe (lena n-áirítear aon bhagairt i leith úsáid neamhúdaraíthe) a bhaint as aon ábhar cartlainne, ní chuirfidh aon ní sa roinn seo cosc ar TG4 aon cheart agus réiteach dlí (lena n-áirítear, gan aon teorainn, faoiseamh urghaire) a fheidmiú a bheidh ar fáil ag TG4 i leith na húsáide neamhúdaraíthe sin.

Saincheisteanna Rúndachta a Éiríonn as Forálacha de chuid na Scéime Beartaithe a bhaineann le Nochtadh agus Diúltú/Stop

Rúndacht

Beidh feidhm ag na coimircí seo a leanas faoin Scéim seo chun rúndacht idir an t-iarrthóir agus TG4 a chinntiú:

- (a) Beidh faisnéis de chineál rúnda a sholáthraíonn iarrthóirí faoin úsáid a bheartaíonn an t-iarrthóir a bhaint as an ábhar cartlainne a bheidh iarrtha teorannaithe do lucht bainistíochta Chartlann TG4. Ní théann foireann Chartlann TG4 i gcomhairle le daoine d'fhoireann eagarthóireachta TG4 faoi fhaisnéis rúnda tríú páirtithe ná faoi úsáid bheartaithe. Tá gá leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn an t-iarrthóir chun cabhrú le TG4 le linn an phróisis a bhaineann le cinntí a dhéanamh faoi cheadúnú. Déanfaidh TG4 seiceáil ar an bhfaisnéis in aon réamhfhógraí faoi ábhar a bhfuil stop curtha air. Dá bhrí sin, ní théann foireann TG4 i gcomhairle le daoine d'fhoireann eagarthóireachta faoin gcomhthéacs tríú páirtithe ná faoin úsáid bheartaithe. Déanfar an chúis le diúltú a chur in iúl don iarrthóir ar leibhéal ginearálta gan aon fhaisnéis rúnda TG4 a nochtadh don iarrthóir.
- (b) Féadfaidh TG4 dul i gcomhairle le roinn dlí TG4 chun cúnamh a fháil le linn dó cinneadh a dhéanamh faoi shaincheisteanna a bhaineann le cearta/hábhar i gcomhthéacs an ábhair a bheidh iarrtha.

Faisnéis a Nochtadh le linn Iarraidh a Dhéanamh

Ní mór nochtadh iomlán faoi chomhthéacs agus faoi úsáid bheartaithe an ábhair a bheidh iarrtha a thabhairt do TG4 sula soláthraítear an t-ábhar. I gcás nach leor na critéir chuardaigh agus na mionsonraí a thabharfaidh an t-iarrthóir do TG4, iarrfaidh TG4 tuilleadh faisnéise ar an iarrthóir ach d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh TG4 in ann an t-ábhar a iarrtar a chur ar fáil más rud é nach soláthraítear dóthain mionsonraí. Ní hionann iarraidh a dhéanamh agus ráthaíocht go bhfaighfear ábhair chartlainne.

I gcás iarraithe ar ábhar cartlainne ar mhaithe le gnóthaí oideachais agus taighde, d'fhéadfadh sé go gceanglóidh TG4 daingniú ó thríú páirtí a thabhairt á rá gur ar mhaithe le gnóthaí *bona fide* oideachais agus taighde a rinneadh an iarraidh agus gur iarraidh ar mhaithe le gnóthaí neamhthráchtála í. Beidh TG4 ar fáil chun comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le modh foilsithe TG4 ar mhaithe le gnóthaí oideachais.

Diúltú/Stop

Is é beartas ginearálta TG4 iarraithe ar ábhar cartlainne faoin Scéim seo a éascú, ach sin faoi réir na srianta seo a leanas:

Forchoimeádann TG4 an ceart chun rochtain ar ábhar cartlainne a choimeád siar:

- (a) ar chúiseanna dlí e.g. i gcás ina bhfuil imeachtaí dlí ar marthain nó á mbagairt i ndáil leis an ábhar cartlainne sin agus/nó i gcás ina bhféadfadh an úsáid bheartaithe a bheith clúmhilleach agus/nó go bhféadfadh sí aon dlí nó rialachán nó cód craolacháin a shárú agus/nó go bhféadfadh sí aon cheart morálta, ceart taibheora nó ceart príobháideachta, agus/nó nach léir go bhfuil cóipcheart agus ceartha gaolmhara ag TG4 san ábhar sonrath cartlainne atá á iarraidh.
- (b) ar mhaithe le macántacht eagarthóireachta agus le cúiseanna a bhaineann le cuibhiúlacht agus geanas e.g. go mbeadh an úsáid de chineál a d'fhéadfadh míchlú a tharraingt ar an gcartlann agus/nó ar TG4; agus/nó a chuirfeadh an úsáid bheartaithe macántacht eagarthóireachta na cartlainne agus/nó TG4 i mbaol; agus/nó a d'fhéadfadh a bheith maslach, díobhálach nó contúirteach d'aon duine nó d'aon chomhlacht.
- (c) i gcás ina bhfuil sárú déanta ag an iarrthóir ar aon chomhaontú ceadúnais roimhe sin idir an t-iarrthóir agus TG4 maidir le hábhar cláir (cibé acu de bhun na Scéime seo nó ar shlí eile).
- (d) i gcás ina bhfuil riocht nó stádas caomhantais an ábhair fhisiciúil iomchuí de chineál a fhágann nach bhfuil sé inúsáidte ná oiriúnach lena chóipeáil/úsáid.

Á chur san áireamh gurb é TG4 caomhnóir agus foinse Chartlann TG4, forchoimeádann sé an ceart chun diúltú do mhéideanna móra nó toirtiúla ábhair cartlainne, de réir gach cáis ar leith, má bhíonn acmhainní iomarcacha ag teastáil i ndáil leis an iarraidh; má chuireann an iarraidh rochtain ar an ábhar cartlainne agus é a úsáid, ag daoine eile i mbaol; más rud é nach bhfuil sí i gcomhréir leis na caighdeáin agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr i dtaca le bainistiú ábhar cartlainne; nó más é tuairim TG4 go bhfuil sí díobhálach d'iomláine na cartlainne.

Maidir le hIarraidh ar Ábhar Cartlainne Teilifíse, féadfar Stop a chur i bhfeidhm ar Shliocht, ar Chlár Iomlán nó ar Shraith Clár nó Sleachta mar a leanas:

1. I gcás ina bhfuil deis eisiach ag teastáil ó TG4 ar mhaithe lena chuspóirí féin e.g. i gcás ina mbeartaíonn TG4 an t-ábhar cartlainne sonrath sin a úsáid i léiriúchán nó i dtionscadal de chuid TG4 atá le bheith ann go gairid (lena n-áirítear tionscadail chartlainne TG4).
2. I gcás ina bhfuil luach préimhe ag ábhar cartlainne i.e. é a bheith tearc/uathúil, é a bheith aimsithe le déanaí, gan é a bheith feicthe riamh roimhe nó gan é a bheith feicthe ón tráth ar craoladh é den chéad uair agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé in áirithe lena úsáid ag TG4 ar dtús mar chuid de thionscadal atá beartaithe nó de thionscadal caomhantais, agus go gcaillfeadh an t-ábhar cartlainne cuid dá luach dá gceadúnófaí é do thríú páirtí sula mbainfeadh TG4 úsáid as nó i gcás ina bhfuil am ag teastáil ó TG4 chun gníomhú i leith forbairt thábhachtach nó i leith imeachta lena ngabhann tábhacht náisiúnta.
3. I gcás ina raibh, nó ina bhfuil, an t-ábhar cartlainne ina ábhar d'infheistíocht shuntasach acmhainní ag TG4.
4. I gcás ina mbeidh TG4 tar éis an t-ábhar cartlainne sonrath sin a cheadúnú lena úsáid ag páirtí eile ar an mbonn go mbeidh deis ag an bpáirtí sin an t-ábhar a úsáid go heisiach.
5. I gcás ina bhfuil riocht nó stádas caomhantais reatha an ábhair fhisiciúil iomchuí de chineál a fhágann nach bhfuil sé inúsáidte ná oiriúnach lena chóipeáil/úsáid tráth na hiarrata.

Amscálaí maidir le Stopanna

1. Déanfar an bonn ginearálta le stop a chur in iúl don iarrthóir.
2. Féadfaidh TG4 stop suas go 18 mí a chur i bhfeidhm roimh thionscadal TG4. Ní aontófar fadú ach amháin i gcás ina mbeidh na critéir riachtanacha tíolactha do Chartlann TG4.

3. Coimeádfaidh TG4 liosta de na stopanna agus de na dátaí athbhreithnithe.
4. Cuirfidh TG4 srian ar na taifid chartlainne iomchuí más cuí sin.
5. Beidh dáta éagtha sonracha ag gabháil le stopanna (ach sin faoi réir athruithe ar an sceideal craolacháin). Déanfaidh TG4 athbhreithniú ar an stop roimh an dáta éagtha agus ar bhonn rialta.
6. Déanfar athbhreithniú ar stádas stop ar leith ach sin a iarraidh.

Téarmaí agus Coinníollacha maidir le Ceadúnú Ábhair Cartlainne

Tá tuilleadh téarmaí agus coinníollacha ceadúnúcháin ag TG4 (féach Aguisín 2) i leith na nithe seo a leanas:

- (a) ceadúnú le haghaidh gnóthaí tráchtála
- (b) gnóthaí neamhtráchtála *bona fide* oideachais agus taighde

Is ionann na téarmaí agus na coinníollacha seo agus an bonn le haghaidh na gcomhaontuithe ceadúnais do gach catagóir úsáideora ábhair cartlainne, mar a leanas:

- Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta Chartlann TG4 maidir le ceadúnú le haghaidh gnóthaí tráchtála.
- Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta Chartlann TG4 maidir le ceadúnú le haghaidh gnóthaí neamhtráchtála *bona fide* oideachais agus taighde.
- Déanfar Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta Chartlann TG4 maidir le ceadúnú le haghaidh gnóthaí eile a sholáthar de réir gach cáis ar leith agus de réir na Scéime agus déanfar comhaontú ceadúnais a chruthú a bheidh bunaithe ar an gceadúnas tráchtála nó neamhtráchtála, fara cibé leasuithe a mheasfaidh TG4 a bheith cuí.

Féadfaidh TG4 athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar na téarmaí agus ar na coinníollacha seo ó am go ham, de réir mar is cuí.

An Scéim a Athbhreithniú

Geallann TG4 an Scéim seo a athbhreithniú uair amháin gach trí bliana nó ag cibé eataraimh a cheanglóidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

arna thíolacadh ag TG4, an 15 Meitheamh 2017.

Aguisín 1

An Tréimhse Ama a thógann sé chun Seirbhísí Aistrithe TG4 a sholáthar

Tá na hamlínite táscacha i leith ábhar cartlainne teilifíse a thugtar thíos i gcomhréir le saoráidí teicniúla, formáidí, hacmhainní 2017 agus seirbhísí aistrithe atá ar fáil agus, ina theannta sin, tagann siad faoi réir na nithe seo a leanas ar bhonn gach cáis ar leith:

1. Fad na bpíosaí scannánaíochta a iarrtar
2. An líon gearrthóg agus castacht na bhfoinsí atá i gceist
3. Acmhainní a bheith ar fáil agus an t-ualach oibre tráth na hiarrata
4. Riachtanais na sceideal craolacháin bheo aon tráth áirithe
5. Stádas caomhantais na n-ábhar a iarrtar
6. Stopanna/srianta dlí nó lánchosc

Seirbhísí i leith Ábhar Cartlainne Teilifíse

Téip Fhoinseach	Stóráil	Luas Aistrithe	Am chun freastal ar iarraidh (meastachán)
Formáidí Digiteacha Comhaimseartha	Cartlann ar an láthair	Fíor-Am	24 - 72 uair an chloig (suas go 1 uair an chloig d'ábhar scannánaíochta)
Formáidí analógacha oidhreachta	Cartlann dhomhain lasmuigh den láithreán	Fíor-Am	5 lá ar a laghad

*I gcás ina dtagann saincheisteanna casta dlí nó saincheisteanna a bhaineann le cearta chun cinn sa phróiseas taighde i ndáil le soláthar aon ábhar cartlainne a iarrtar, féachfaidh TG4 leis an iarraidh a phróiseáil chomh gasta agus is féidir agus tabharfaidh sé fógra dá réir sin do chliant. De ghnáth, tógann sé idir 7 lá agus 21 lá chun déileáil le hiarrataí. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist ná doiciméid faoi chearta a fhollasú, comhairle dlí a lorg, sealbhóirí ceart a shuíomh, aon chumarsáid riachtanach le tríú páirtithe etc. Ní féidir ach amlíne táscach a thabhairt.

Aguisín 2

Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta Chartlann TG4

Maidir le ceadúnú taifeadtaí teilifíse a bhfuil cóipcheart agus cearta gaolmhara ag TG4 ina leith (“ábhar cartlainne”)

Le haghaidh Gnóthaí Tráchtála

Iarrataí

1. Ní mór nochtadh iomlán faoi chomhthéacs agus faoi úsáid bheartaithe an ábhair a bheidh iarrtha a thabhairt do TG4 sula soláthraítear an t-ábhar.
2. I gcás ina bhfuil na critéir i leith an ábhair cartlainne a iarrtar éiginnte nó doiléir, iarrfaidh TG4 tuilleadh faisnéise ar an iarrthóir ach d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh TG4 in ann an t-ábhar a iarrtar a chur ar fáil más rud é nach soláthraítear dóthain mionsonraí.
3. Ní hionann iarraidh a dhéanamh agus ráthaíocht go bhfaighfear ábhair chartlainne.

Úsáid

4. Soláthraítear ábhar cartlainne ar mhaithe leis an úsáid a nochtar agus a údaraítear, agus ar mhaithe leis sin amháin, agus ar feadh thréimhse shonraithe an cheadúnais, agus ar feadh na tréimhse sin amháin.
5. Déanfaidh TG4 muirir (lena n-áirítear costais taighde, costais chuardaigh ceart dlí, costais chóipeála agus táillí ceadúnais) a thobhach de réir a chuid ráta-chártaí foilsithe (féach www.TG4.ie) agus tá siad faoi réir a n-athraithe ag TG4 ó am go ham. I ngach cás ar leith, beidh an muirear iomlán deiridh ag brath ar an gcineál iarrata, ar an obair atá i gceist le déileáil leis an iarraidh, ar na cearta/ar an imréiteach a iarrtar, ar stádas caomhantais an ábhair cartlainne a iarrtar agus ar fhad an ábhair cartlainne atá le húsáid.
6. Tá gach costas taighde, gach costas cuardaigh ceart dlí, gach costas cóipeála, gach costas iompair agus na táillí íosta ceadúnais go léir iníoctha sula soláthraítear aon ábhar cartlainne. Déantar táillí ceadúnais, mar a thuairiscítear i mír 7 thíos, a chinneadh nuair a fhaigheann TG4 dearbhú maidir le húsáid. Déanfar an táille íosta ceadúnais neamh-inaisíoctha a asbhaint ón táille ceadúnais deiridh is iníoctha.
7. Déantar táillí ceadúnais i leith úsáid an ábhair cartlainne a mhuirearú de réir fhad an ábhair a úsáidtear tar éis dearbhú maidir le húsáid a fháil. Más rud é nach bhfaightear dearbhú maidir le húsáid laistigh de 30 lá (nó cibé tréimhse eile a aontóidh TG4) ón dáta soláthair, tá táillí ceadúnais iníoctha i leith fhad iomlán an ábhair cartlainne a sholáthraítear.
8. De ghnáth, soláthraítear ábhar cartlainne ar bhonn neamheisiach ar fad gan é a bheith le húsáid ach i saothar sonraithe amháin nó i sraith saothar. Déanfar comhaontú ceadúnais ar bhonn na dtéarmaí seo sula n-úsáidfidh an ceadúnaí an t-ábhar cartlainne. I gcás léiriúchán, féadfaidh TG4 líon teoranta craoltaí nó athchraoltaí a shonrú i dtéarmaí an cheadúnais a dheonaítear. Ní dhéanfar aon cheadúnas a dheonú (ná ní eiseofar aon chomhaontú ceadúnais) go dtí go mbeidh íocaíocht roimh ré i leith na muirear go léir faighte.
9. Ní cheadaítear an t-ábhar cartlainne a úsáid, ná ní dhéanfar eagarthóireacht air, ar shlí ina gcuirtear iomláine an ábhair cartlainne i mbaol, ina dtarraingítear míchlú ar TG4 agus/nó atá clúmhilleach i leith aon duine nó atá maslach nó a d'fhéadfadh aon dlí, rialachán nó cód craolacháin a shárú (más infheidhme).
10. Ní mór cóip féachana an leagain deiridh de shaothar ina n-úsáidtear an t-ábhar cartlainne a thabhairt do TG4 má iarrtar amhlaidh.
11. Ní féidir aon cheart a dheonaíonn TG4 do dhuine i leith an ábhair cartlainne a shannadh nó a aistriú chuig aon tríú páirtí gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ó TG4.
12. Déanfar creidiúint do TG4, i cibé foirm a shonróidh TG4, a chur san áireamh i ngach leagan den saothar ina n-úsáidtear an t-ábhar cartlainne. Maidir le hábhar cartlainne a cheadúnaítear le haghaidh úsáid ar líne, féadfaidh TG4 a cheangal freisin go ndéanfar tagairt do thairseach gréasáin TG4 a chur san áireamh sa saothar.

Srianta

13. Forchoimeádan TG4 an ceart chun rochtain ar ábhar cartlainne a choimeád siar ar na cúiseanna seo a leanas:
- (a) ar chúiseanna dlí e.g. i gcás ina bhfuil imeachtaí dlí ar marthain nó á mbagairt i ndáil leis an ábhar cartlainne sin agus/nó i gcás ina bhféadfadh an úsáid bheartaithe a bheith clúmhillteach agus/nó go bhféadfadh sí aon dlí nó rialachán nó cód craolacháin a shárú agus/nó go bhféadfadh sí aon cheart morálta, ceart taibheora nó ceart príobháideachta, agus/nó nach léir go bhfuil cóipcheart agus cearta gaolmhara ag TG4 san ábhar sonrath cartlainne atá á iarraidh.
 - (b) ar mhaithe le macántacht eagarthóireachta agus le cúiseanna a bhaineann le cuibhiúlacht agus geanas e.g. go mbeadh an úsáid de chineál a d'fhéadfadh míchlú a tharraingt ar an gcartlann agus/nó ar TG4; agus/nó a chuirfeadh an úsáid bheartaithe macántacht eagarthóireachta na cartlainne agus/nó TG4 i mbaol; agus/nó a d'fhéadfadh a bheith maslach, díobhálach nó contúirteach d'aon duine nó d'aon chomhlacht.
 - (c) i gcás ina bhfuil sárú déanta ag an iarrthóir ar aon chomhaontú ceadúnais roimhe sin idir an t-iarrthóir agus TG4 maidir le hábhar cláir (cibé acu de bhun na Scéime seo nó ar slí eile).
 - (d) i gcás ina bhfuil riocht nó stádas caomhantais an ábhair fhisiciúil iomchuí de chineál a fhágann nach bhfuil sé inúsáidte ná oiriúnach lena chóipeáil/úsáid.
14. Á chur san áireamh gurb é TG4 caomhnóir agus foinse Chartlann TG4, forchoimeádan sé an ceart chun diúltú do mhéideanna móra nó toirtiúla ábhair cartlainne, de réir gach cáis ar leith, má bhíonn acmhainní iomarcacha ag teastáil i ndáil leis an iarraidh; má chuireann an iarraidh rochtain ar an ábhar cartlainne. agus é a úsáid, ag daoine eile i mbaol; más rud é nach bhfuil sí i gcomhréir leis na caighdeáin agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr i dtaca le bainistiú ábhar cartlainne; nó más é tuairim TG4 go bhfuil sí díobhálach d'iomláine na cartlainne nó ag teacht salach ar leasanna tráchtála TG4.
15. Forchoimeádan TG4 an ceart chun rochtain ar ábhar cartlainne is ábhar do stop/moill a sholáthar, más rud é:
- (a) go bhfuil úsáid eisiach ag teastáil ó TG4 ar mhaithe lena ghnóthaí féin e.g. i gcás ina mbeartaíonn TG4 an t-ábhar cartlainne sonrath sin a úsáid i léiriúchán nó i dtionscadal de chuid TG4 atá le bheith ann go gairid (lena n-áirítear tionscadail chartlainne TG4).
 - (b) go mbeidh TG4 tar éis an t-ábhar cartlainne sonrath sin a cheadúnú lena úsáid ag páirtí eile ar an mbonn go mbeidh deis ag an bpáirtí sin an t-ábhar a úsáid go heisiach
 - (g) go bhfuil riocht nó stádas caomhantais reatha an ábhair fhisiciúil iomchuí de chineál a fhágann nach bhfuil sé inúsáidte ná oiriúnach lena chóipeáil/úsáid tráth na hiarrata.

Díospóidí

16. I gcás ina bhfuil ábhar díospóide ag iarrthóir i leith oibriú na Scéime, déanfaidh TG4 teagmháil leis an iarrthóir chun féachaint leis an díospóid a réiteach. Mura bhfuil an t-iarrthóir sásta leis sin, féadfaidh sé/sí an gearán a chlárú le Lucht Bainistíochta Chartlann TG4 lena bhreithniú laistigh de 28 lá. Níl Ráta-Chárta TG4 faoi réir a athbhreithnithe faoin nós imeachta maidir le díospóid a réiteach.
17. Feidhmeoidh saineolaí neamhspleách cuí-cháilithe de chuid earnáil chlosamhairc TG4, agus taithí aige/aici ar dhéileáil le gearáin idir daoine den phobal agus comhlachtaí poiblí, mar bhreithneoir críochnaitheach i gcás ina mbíonn díospóid gan réiteach fós. Roghnóidh an gearánach an saineolaí sin as painéal saineolaithe den sórt sin a chuirfidh TG4 ar fáil agus cuirfidh an saineolaí sin an bhreith chríochnaitheach in iúl do TG4 agus don ghearánach araon.
18. I gcás ina ndéanfaidh aon duine aon úsáid neamhúdaraithé (lena n-áirítear aon bhagairt i leith úsáid neamhúdaraithé) a bhaint as aon ábhar cartlainne, is féidir le TG4 ceadúnas a fhoirceannadh le héifeacht láithreach. Forchoimeádan TG4 an ceart chun aon cheart agus leigheas dlí (lena n-áirítear, gan aon teorainn, faoiseamh urghaire) a fheidhmiú a bheidh ar fáil ag TG4 i leith an tsáraithe sin.

Ábhar a chur ar ais

19. Déanfaidh an cliant ábhar cartlainne, mar aon le gach cóip de, a chur ar ais chuig TG4 nó a dhíothú/scriosadh (agus deimhniú i leith díothú/scriosadh a sholáthar do TG4) de réir an chomhaontaithe ceadúnais a eisítear agus, ar aon chor, tráth fhoirceanta nó éagtha na tréimhse ceadúnais iomchuí.

Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta Chartlann TG4

Maidir le ceadúnú taifeadtaí teilifíse a bhfuil cóipcheart agus cearta gaolmhara ag TG4 ina leith (“ábhar cartlainne”)

Le haghaidh Gnóthaí Neamhthrachtála *bona fide* Oideachais agus Taighde

Iarrataí

1. Ní mór nochtadh iomlán faoi chomhthéacs agus faoi úsáid bheartaithe an ábhair a bheidh iarrtha a thabhairt do TG4 sula soláthraítear an t-ábhar.
2. I gcás iarrataí ar ábhar cartlainne ar mhaithe le gnóthaí oideachais agus taighde, d'fhéadfadh sé go gceanglóidh TG4 daingniú ó thríú páirtí a thabhairt á rá gur ar mhaithe le gnóthaí *bona fide* oideachais agus taighde a rinneadh an iarraidh agus gur iarraidh ar mhaithe le gnóthaí neamhthrachtála í.
3. I gcás ina bhfuil na critéir i leith an ábhair cartlainne a iarrtar éiginnte nó doiléir iarrfaidh TG4 tuilleadh faisnéise ar an iarrthóir ach d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh TG4 in ann an t-ábhar a iarrtar a chur ar fáil más rud é nach soláthraítear dóthain mionsonraí.
4. Ní hionann iarraidh a dhéanamh agus ráthaíocht go bhfaighfear ábhair chartlainne.

Úsáid

5. Soláthraítear ábhar cartlainne ar mhaithe leis an úsáid a nochtar agus a údaraítear, agus ar mhaithe leis sin amháin, agus ar feadh thréimhse shonraithe an cheadúnais, agus ar feadh na tréimhse sin amháin.
6. Déanfaidh TG4 muirir (lena n-áirítear costais taighde, costais chuardaigh ceart dlí, costais chóipeála agus táillí ceadúnais) a thobhach de réir a ráta-chárta foilsithe (féach www.TG4.ie) agus tá siad faoi réir a n-athraithe ag TG4 ó am go ham. I ngach cás ar leith, beidh an muirir iomlán deiridh ag brath ar an gcineál iarrata, ar an obair atá i gceist le déileáil leis an iarraidh, ar na cearta/ar an imréiteach a iarrtar, ar stádas caomhantais an ábhair cartlainne a iarrtar agus ar fhad an ábhair cartlainne atá le húsáid. Féadfaidh TG4, dá rogha féin, a roghnú táillí ceadúnais a tharscaoileach (ach d'fhéadfadh muirir eile a bheith ann fós e.g. costais taighde etc).
7. Tá gach costas taighde, gach costas chuardaigh ceart dlí, gach costas cóipeála, gach costas iompair agus na táillí íosta ceadúnais go léir iníoctha sula soláthraítear aon ábhar cartlainne. Déantar táillí ceadúnais, mar a thuairiscítear i mír 8 thíos, a chinneadh nuair a fhaigheann TG4 dearbhú maidir le húsáid. Déanfar an táille íosta ceadúnais neamh-inaisíoctha a asbhaint ón táille ceadúnais deiridh is iníoctha.
8. Déantar táillí ceadúnais i leith úsáid an ábhair cartlainne a mhuirearú de réir fhad an ábhair a úsáidtear tar éis dearbhú maidir le húsáid a fháil. Más rud é nach bhfaightear dearbhú maidir le húsáid laistigh de 30 lá (nó cibé tréimhse eile a aontóidh TG4) ón dáta soláthair, tá táillí ceadúnais iníoctha i leith fhad iomlán an ábhair cartlainne a sholáthraítear.
9. De ghnáth, soláthraítear ábhar cartlainne ar bhonn neamheisiach ar fad gan é a bheith le húsáid ach i saothar sonraithe amháin nó i sraith saothar. Déanfar comhaontú ceadúnais ar bhonn na dtéarmaí seo sula n-úsáidfidh an ceadúnaí an t-ábhar cartlainne. Ní dhéanfar aon cheadúnas a dheonú (ná ní eiseofar aon chomhaontú ceadúnais) go dtí go mbeidh íocaíocht roimh ré i leith na muirear go léir faighte.
10. Ní cheadaítear an t-ábhar cartlainne a úsáid, ná ní dhéanfar eagarthóireacht air, ar shlí ina gcuirtear iomláine an ábhair cartlainne i mbaol, ina dtarraingítear míchlú ar TG4 agus/nó atá clúmhilleach i leith aon duine nó atá maslach nó a d'fhéadfadh aon dlí, rialachán nó cód craolacháin a shárú (más infheidhme).
11. Ní mór cóip féachana an leagain deiridh de shaothar ina n-úsáidtear an t-ábhar cartlainne a thabhairt do TG4 má iarrtar amhlaidh.
12. Ní féidir aon cheart a dheonaíonn TG4 do dhuine i leith an ábhair cartlainne a shannadh nó a aistriú chuig aon tríú páirtí gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ó TG4.
13. Déanfar creidiúint do TG4, i cibé foirm a shonróidh TG4, a chur san áireamh i ngach leagan den saothar ina n-úsáidtear an t-ábhar cartlainne. Maidir le hábhar cartlainne a cheadúnaítear le haghaidh úsáid ar líne, féadfaidh TG4 a cheangal freisin go ndéanfar tagairt do thairseach gréasáin TG4 a chur san áireamh sa saothar.

Srianta

14. Forchoimeádan TG4 an ceart chun rochtain ar ábhar cartlainne a choimeád siar ar na cúiseanna seo a leanas:
- (a) ar chúiseanna dlí e.g. i gcás ina bhfuil imeachtaí dlí ar marthain nó á mbagairt i ndáil leis an ábhar cartlainne sin agus/nó i gcás ina bhféadfadh an úsáid bheartaithe a bheith clúmhillteach agus/nó go bhféadfadh sí aon dlí nó rialachán nó cód craolacháin a shárú agus/nó go bhféadfadh sí aon cheart morálta, ceart taibheora nó ceart príobháideachta, agus/nó nach léir go bhfuil cóipcheart agus cearta gaolmhara ag TG4 san ábhar sonrath cartlainne atá á iarraidh.
 - (b) ar mhaithe le macántacht eagarthóireachta agus le cúiseanna a bhaineann le cuibhiúlacht agus geanas e.g. go mbeadh an úsáid de chineál a d'fhéadfadh míchlú a tharraingt ar an gcartlann agus/nó ar TG4; agus/nó a chuirfeadh an úsáid bheartaithe macántacht eagarthóireachta na cartlainne agus/nó TG4 i mbaol; agus/nó a d'fhéadfadh a bheith maslach, díobhálach nó contúirteach d'aon duine nó d'aon chomhlacht.
 - (c) i gcás ina bhfuil sárú déanta ag an iarrthóir ar aon chomhaontú ceadúnais roimhe sin idir an t-iarrthóir agus TG4 maidir le hábhar cláir (cibé acu de bhun na Scéime seo nó ar slí eile).
 - (d) i gcás ina bhfuil riocht nó stádas caomhantais an ábhair fhisiciúil iomchuí de chineál a fhágann nach bhfuil sé inúsáidte ná oiriúnach lena chóipeáil/úsáid.
15. Á chur san áireamh gurb é TG4 caomhnóir agus foinse Chartlann TG4, forchoimeádan sé an ceart chun diúltú do mhéideanna móra nó toirtiúla ábhair cartlainne, de réir gach cáis ar leith, má bhíonn acmhainní iomarcacha ag teastáil i ndáil leis an iarraidh; má chuireann an iarraidh rochtain ar an ábhar cartlainne; agus é a úsáid, ag daoine eile i mbaol; más rud é nach bhfuil sí i gcomhréir leis na caighdeáin agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr i dtaca le bainistiú ábhar cartlainne; nó más é tuairim TG4 go bhfuil sí díobhálach d'iomláine na cartlainne nó ag teacht salach ar leasanna tráchtála TG4.
16. Forchoimeádan TG4 an ceart chun rochtain ar ábhar cartlainne is ábhar do stop/moill a sholáthar, más rud é:
- (d) go bhfuil deis eisiach ag teastáil ó TG4 ar mhaithe lena chuspóirí féin e.g. i gcás ina mbeartaíonn TG4 an t-ábhar cartlainne sonrath sin a úsáid i léiriúchán nó i dtionscadal de chuid TG4 atá le bheith ann go gairid (lena n-áirítear tionscadail chartlainne TG4).
 - (e) go mbeidh TG4 tar éis an t-ábhar cartlainne sonrath sin a cheadúnú lena úsáid ag páirtí eile ar an mbonn go mbeidh deis eisiach ag an bpáirtí sin chun an t-ábhar a úsáid.
 - (f) go bhfuil riocht nó stádas caomhantais reatha an ábhair fhisiciúil iomchuí de chineál a fhágann nach bhfuil sé inúsáidte ná oiriúnach lena chóipeáil/úsáid tráth na hiarrata.

Díospóidí

17. I gcás ina bhfuil ábhar díospóide ag iarrthóir i leith oibriú na Scéime, déanfaidh TG4 teagmháil leis an iarrthóir chun féachaint leis an díospóid a réiteach. Mura bhfuil an t-iarrthóir sásta leis sin, féadfaidh sé/sí an gearán a chlárú le Lucht Bainistíochta Chartlann TG4 lena bhreithniú laistigh de 28 lá. Níl Ráta-Chárta TG4 faoi réir a athbhreithnithe faoin nós imeachta maidir le díospóid a réiteach.
18. Feidhmeoidh saineolaí neamhspleách cuí-cháilithe ar ábhar closamhairc TG4, agus taithí aige/aici ar dhéileáil le gearáin idir daoine den phobal agus comhlachtaí poiblí, mar bhreithneoir críochnaitheach i gcás ina mbíonn díospóid gan réiteach fós. Roghnóidh an gearánach an saineolaí sin as painéal saineolaithe den sórt sin a chuirfidh TG4 ar fáil agus cuirfidh an saineolaí sin an bhreith chríochnaitheach in iúl do TG4 agus don ghearánach araon.
19. I gcás ina ndéanfaidh aon duine aon úsáid neamhúdaraithé (lena n-áirítear aon bhagairt i leith úsáid neamhúdaraithé) a bhaint as aon ábhar cartlainne, is féidir le TG4 ceadúnas a fhoirceannadh le héifeacht láithreach. Forchoimeádan TG4 an ceart chun aon cheart agus

leigheas dlí (lena n-áirítear, gan aon teorainn, faoiseamh urghaire) a fheidhmiú a bheidh ar fáil ag TG4 i leith an tsárraithe sin.

Ábhar a chur ar ais

Déanfaidh an cliant ábhar cartlainne, mar aon le gach cóip de, a chur ar ais chuig TG4 nó a dhíothú/scriosadh (agus deimhniú i leith díothú/scriosadh a sholáthar do TG4) de réir an chomhaontaithe ceadúnais a eisítear agus, ar aon chor, tráth foirceanta nó éagtha na tréimhse ceadúnais iomchuí